## Polasaí na hIdirbhliana

Cuireann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin Clár Idirbhliana roghnach ar fáil tar éis na tríú bliana. Moltar do scoláirí sa tríú bliain agus a dtuismitheoirí iad féin a chur ar an eolas faoin gclár cuimsitheach seo. Beidh uaslíon na n-áiteanna ag brath ar fhoireann, áiseanna agus acmhainní agus beidh athbhreithniú déanta go bliantúil ag an bPríomhoide.

### Réasúnaíocht

Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain atá ar fáil do gach iar-bhunscoil. Mar chlár aonair laistigh de thaithí na sraithe sinsearaí, soláthraíonn an clár Idirbhliana deis uathúil, áit a bhféadann an scoil agus an phobal a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Soláthraíonn an Idirbhliain am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach. Is féidir léi a bheith ina nasc chun réimse níos leithne deiseanna agus conairí a chur ar fáil. Cuireann an clár ar chumas na ndaoine óga acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil, chun suimeanna pearsanta a chothú agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

### Misean na Scoile

Is í an fhoghlaim bunchloch Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tugtar tacaíocht agus dúshlán don uile dalta faoi ár gcúram barr a gcumas acadúil, pearsanta agus sóisialta a bhaint amach í dtimpeallacht lán-Ghaelach ina dtugtar tús áite do mheas, cothromaíocht agus ionracas.

### Misean na hIdirbhliana

Timpeallacht oideachasúil Gaelach agus ceannródeach a sholáthar bunaithe ar mheas, cothromaíocht agus ionracas a chothaíonn forbairt phearsanta, shóisialta, oideachasúil agus ghairmiúil an dalta agus iad a ullmhú do rannpháirtíocht neamhspleách, freagrach sa

tsochaí. Chomh maith le sin, cruthaíonn an Idirbhliain bunsraith leathan dhaingean don scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh ón taithí atá déanta aige go dtí seo isteach sa chuid eile den tsraith shinsearach.

## Aidhmeanna

**1.** Oideachas a spreagann aibíocht le béim ar fhorbairt phearsanta trí fheasacht shóisialta agus inniúlacht shóisialta a mhéadú.

**2.** Scileanna ginearálta, teicniúla agus acadúla a chur chun cinn agus béim a chur ar fhoghlaim idirdhisciplíneach chomh maith le foghlaim neamhspleách féindhírithe.

**3.** Oideachas trí thaithí ar shaol aosach agus oibre mar bhonn d'fhorbairt phearsanta agus d'aibíocht.

**4.** Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

**5.** Forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

**6.** Spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus ina ról mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

**7.** Taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d’fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.

**8.** Chun cabhrú leis na daltaí dul in aibíocht ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana, ag forbairt i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannasaíocht.

**9.** Agus é ag tógáil ar na heispéiris a bhí aige go dtí seo, tosaíonn an scoláire ar a fhorbairt mar scoláire de chuid na sraithe sinsearaí, ag glacadh leis na deiseanna agus na straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo.

**10.** Déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí. Foghlaimíonn sé an dóigh le bheith ag gníomhú de réir a chuid freagrachtaí agus a chearta mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda a fheidhmiú ar bhealaí eiticiúla inbhuanaithe.

**11.** Déanann an scoláire taighde ar chonairí todhchaí ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt inniúlachtaí a bhaineann leis an ngairm.

## An Churachlam

Spreagtar agus cuirtear chun cinn na nithe seo a leanas;

1. Cur chuige comhordaithe i leith na pleanála don teagasc, don mheasúnú agus don tuairisciú san Idirbhliain

2. úsáid chomhsheasmhach bharántúil na punainne scoláire

3. próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta fianaise-threoraithe a úsáid chun an clár a athnuachan ar bhonn comhsheasmhach.

## Tuairisciú

Baineann trí ghné leis an tuairisciú san Idirbhliain. Is iad sin:

• punann Idirbhliana an scoláire

• machnamh an scoláire

• tuairisciú scoile.

## Próiseas Iontrála

1. Chun glacadh le dalta ar Chlár na hIdirbhliana, ní mór don scoil a bheith den tuairim go bhfuil an dalta in ann tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht san Idirbhliain agus nach gcuirfidh a rannpháirtíocht bac ar aon scoláire(í) eile leas a bhaint as rannpháirtíocht.

2. Is é Coiste Iontrála na hIdirbhliana a dhéanfaidh an cinneadh seo.

3. Is iad an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach, Comhordaitheoir na hIdirbhliana, Ceannbhliana na tríú bliana agus an Múinteoir Gairmthreor baill ar Choiste Iontrála na hIdirbhliana.

4. Cuireann an scoil tráthnóna eolais ar fáil faoin Idirbhliain do Thuismitheoirí/Caomhnóirí agus daltaí.

5. Míneofar go bhfuil eolas faoin idirbhliain ríthábhachtach. Beidh ar dhaltaí taighde a dhéanamh agus a n-iarratas a ullmhú chun a mhíniú cad ba mhaith leo a bhaint amach i rith na bliana agus conas is féidir leo cur le gníomhaíochtaí éagsúla na bliana.

6. Beidh gnéithe áirithe cosúil le tinreamh, an ghaeilge, tinreamh agus poncúlacht, cumas oibriú mar chuid de ghrúpa, dearcadh i leith na hoibre agus iompar, fianaise

go raibh an dalta páirteach le gach gné de shaol na scoile, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga ina gnéithe thábhachtacha a chuirfear san áireamh don iarratas.

7. Beidh ar na daltaí foirm iarratais a líonadh isteach ina mbeidh ráiteas pearsanta ag míniú cad ba mhaith leo a bhaint amach i rith na bliana agus conas is féidir leo cur le gníomhaíochtaí éagsúla na bliana. Luafaidh an dalta gealltanas chun a bheith páirteach go hiomlan sna gníomhaíochtaí má bhfaigheann siad áit.

8. Iarrfar ar thuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm seo a shíniú freisin agus a chinntiú go gcreideann siad go mbainfidh a bpáiste leas as an mbliain.

9. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha. Tabharfar spriocdháta shoiléir go bliantúil.

10. Is féidir dalta a chur faoi agallamh mar chuid den iarratas.

11. Cuirfear tuismitheoirí agus scoláirí ar an eolas an éirigh nó nár éirigh leo áit a bhaint amach.

12. Daltaí nár éirigh leo áiteanna a fháil tairgfear áit sa chúigiú bliain dóibh.

13. I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta leis an gcinneadh, is féidir achomharc a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta.

**Ag Glacadh le háit**

1. Beidh ar thuismitheoirí glacadh i scríbhinn le haon tairiscint a dhéantar.

2. Beidh ar dhaltaí ar bith atá ag iarraidh a n-intinn a athrú agus bogadh go dtí an cúigiú bliain iarratas a dhéanamh chun dul isteach sa chúigiú bliain roimh an gcéad lá de Dheireadh Fómhair.

3. Ag an bpointe seo, táthar ag súil go dtabharfaidh an dalta agus a dtuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) araon freagra gealltanas taithí oibre a shocrú do na tréimhsí sonraithe le linn na bliana acadúla.

4. Is féidir leis an scoil tairiscint áite san idirbhliain a tharraingt siar má bhíonn tinreamh míshásúil nó iompar míshásúil ag an dalta.

5. Gearrfar táillí ar ghnéithe den Chlár nach soláthraíonn an Roinn Oideachais.

6. Nuair a ghlactar le áit, glactar leis go bhfuil an féidearthacht ann nách mbeidh gnéithe den clár ar fáil, ag braith ar na hachmhainní scoile atá ar fáil ag an am.

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

1. Seans go mbeidh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána le déanamh ag daltaí atá 16 bliana d'aois nó níos sine le haghaidh Socruithe Taithí Oibre ar leith. Is féidir é seo a dhéanamh le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Ní mór é seo a shocrú le Comhordaitheoir na hIdirbhliana in am.

Glacadh leis an bpolasaí seo ar an 7ú Márta, 2023.

Déanfar athbhreithniú rialta air agus tá sé ar fáil do phobal uile na scoile.

Rinneadh athbhreithniú air ar an 21ú Aibreáin 2026.